C/2026/2809

19.5.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/1105 ón gComhairle agus arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/1106 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1107 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria

(C/2026/2809)

Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas a ainmnítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/1105 ón gComhairle ([2]) agus arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/1106 ón gComhairle ([3]) agus in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle ([4]) arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1107 ón gComhairle ([5]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria.

Tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas arna n-ainmniú sna hiarscríbhinní thuasluaite, chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh, gur cheart go leanfadh na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/255/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 d'fheidhm a bheith acu maidir leis na daoine sin agus na heintitis sin.

Cuirtear faoi bhráid na ndaoine agus na n-eintiteas lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 16 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus na heintitis lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle roimh an 2 Feabhra 2027, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch an chéad athbhreithnithe eile a dhéanfaidh an Chomhairle, de bhun Airteagal 34 de Chinneadh 2013/255/CBES agus Airteagal 32(4) de Rialachán (AE) Uimh. 36/2012, ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe.

([1]) IO L 147, 1.6.2013, lch. 14.
([2]) IO L, 2026/1105, 19.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1105/oj.
([3]) IO L, 2026/1106, 19.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/1106/oj.
([4]) IO L 16, 19.1.2012, lch. 1.
([5]) IO L, 2026/1107, 19.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1107/oj.